# Central Statistics Office
An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Press Statement
Preas Ráiteas

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 9 – Taisteal chuig an Obair, An Schoil agus chuig an gCoiláiste

**Ardú ar líon na n-úsáideoirí carranna**

Bhí oibrithe Éireannacha ag tiomáint chun na hoibre don chuid is mó sa bhliain 2002 a deir tuairisc nua atá foilsithe ag an bPríomhOifig Staidrimh.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2002 Imleabhar 9 – Taisteal chun na hOibre, na Scoile agus an Choláiste, a thugann tuilleadh mionthorthaí ar an daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tugann an tuairisc na figiúirí deireanacha daonra rangaithe mar seo a leanas - modh taistil chun na hoibre, na scoile agus an choláiste, an t-am a d'fhág daoine an baile, an méid ama a chaitheadar ag taisteal agus an t-achar a bhí le taisteal acu chomh maith le líon na gcarranna ag gach teaghlach (féach nóta an eagarthóra).

Den 1.6 milliún oibrithe sa Stát san Aibreán 2002, thiomáin 887,000 (55%) chun na hoibre – suas ó 46% cúig bliana roimhe sin. Nuair a chuirtear san áireamh na hoibrithe a thaisteal chun na hoibre mar phaisinéirí i gcarranna nó ag tiomáint veaineanna/leoraithe, bhí 69% d'oibrithe ina n-úsáideoirí feithiclí príobháideacha sa bhliain 2002. I mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird bhí beagainín sa bhreis ar 47% d'oibrithe ag tiomáint chun na hoibre.

**I gCarraig Uí Leighin a bhí an úsáid b'airde carranna**

B'é Carraig Uí Leighin (74%) an baile leis an gcéatadán b'airde oibrithe ag taisteal chun na hoibre i gcarr, ansin a tháinig Dún Búinne (70%), Trá Mhór (67%) agus an Nás (65%).

Sna Sceirí (23%) a bhí an líon b'airde oibrithe ag taisteal ar an traein, le Mulach Íde (17%) agus Baile Brigín (16%) ina dhiaidh sin.

Ag leibhéal náisiúnta áfach ní raibh ach 11.3% d'oibrithe ag siúl chun na hoibre, bhí breis agus aon cheathrú d'oibrithe ag siúl chun na hoibre sna bailte seo: Sligeach, Cathair na Mart agus Béal an Átha.

**Níos mó leanaí óga dhá thiomáint chun na scoile**

Ag leibhéal an Stáit, bhí duine as gach beirt leanaí bunscoile dhá thiomáint chun na scoile sa bhliain 2002, i gcomparáid le níos lú ná duine i ngach cúigear sa bhliain 1981. Sa bhliain 1981 bhí an chuid is mó de na leanaí scoile ag siúl chun na scoile (47% de leanaí bunscoile) i gcomparáid le 26% mar atá le feiceáil i dtorthaí an daonáirimh is déanaí.

B'í an tSionainn (64%) an baile leis an gcéatadán b'airde leanaí scoile ag siúl chun na scoile sa bhliain 2002 agus ina dhiaidh bhí Léim an Bhradáin (61%), Cill Dhéagláin (59.1%) agus Port Mearnóg (58.4%). Thaisteal beagainín sa bhreis ar duine i ngach ceathrar leanaí bunscoile a bhí ina gcónaí i gceantair tuaithe chun na scoile ar an mbus, i gcomparáid le níos lú ná 11% de na leanaí scoile i gceantair uirbeacha.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Tógann sé níos faide ar oibrithe uirbeacha achar gairid a thaisteal chun na hoibre**

Thaisteal oibrithe ar an meán 9.8 míle óna dtithe chuig an láthair oibre sa bhliain 2002, suas ó 6.7 míle sé bliana roimhe sin. Thaisteal oibrithe a raibh cónaí orthu i gceantair tuaithe ar an meán 13.3 míle i gcomparáid le 7.8 míle d'oibrithe a raibh cónaí orthu i gceantair uirbeacha. Thaisteal oibrithe a bhí lonnaithe i gceantair tuaithe beagnach trí huaire an achair chun na hoibre sa bhliain 2002 agus a thaistealadar sa bhliain 1981.

San Aibreán 2002 chaith daoine ar an meán 27 nóiméad ag taisteal chun na hoibre. Cé go raibh achar níos giorra le taisteal ag oibrithe uirbeacha chuig an láthair oibre ná mar a bhí ag oibrithe a bhí ina gcónaí i gceantair tuaithe, chaitheadar níos faide ag taisteal de bharr brú tráchta (28 nóiméad i gcomparáid le 26 nóiméad d'oibrithe i gceantair tuaithe).

**Cuireann fir tús leis an lá oibre níos luaithe ar maidin**

Fágann breis agus 30% d'oibrithe fireann an baile roimh 7.30 ar maidin le tús a chur lena dturas chun na hoibre. Fágann beagnach 40% d'oibrithe baineann an baile idir 8 agus 9 ar maidin, an t-am céanna a fhágann 64% de na leanaí bunscoile an baile agus 71% de na daltaí meánscoile.

**Ardú ar úinéireacht charranna**

Bhí carr amháin ar a laghad ag breis agus milliún teaghlach sa bhliain 2002 – ardú de 330,000 i gcomparáid leis an mbliain 1991. Bhí na céatadáin b'airde de theaghlaigh le carr amháin ar a laghad i gCo na Mí (88%), i bhFine Gall (87%) agus i gCill Dara (87%). Bhí carr ag 58% de na teaghlaigh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2002.

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha, a foilsíodh ar an 15 Deireadh Fómhair 2003, ag leibhéal an Stáit ar shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 - 10 agus 13 de na tuairiscí miona daonáirimh Cuireann foilseachán an lae inniu, Imleabhar 7, figiúirí ar fáil don oideachas agus do cháilíochtaí ag leibhéal níos mione geografaíochta.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne. 4284-4288.
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* *19ú Feabhra 2004*

**– CRÍOCH–**